








Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

# Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

## T2 na Sraithe Sóisearaí don Ghaeilge ag Leibhéal na hIar-Bhunscoile

Meitheamh 2024

CGGPL022/062024

## Clár Ábhair

**Réamhrá an Chathaoirligh ... 2**

**Moltaí ... 5**

**1. Forléargas ar an tSonraíocht T2 do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí ... 10**

**2. Anailís ar an tSonraíocht T2 don tSraith Shóisearach ... 12**

Athbhreithniú ar an bPróiseas Comhairliúcháin ... 12
Neamhréir idir an Páipéar Samplach agus an Scrúdpháipéar Deiridh ... 13
Scéim Marcála ... 15
Easpa Soiléireachta ... 17
Cúrsaí Ama ... 17
Torthaí Foghlama ... 19
An Bonnleibhéal ... 24
Litríocht ... 25
Na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an Phunann Teanga ... 27
Deimhniúchán na Sraithe Sóisearaí ... 30
An Bhéaltriail ... 31
Féidearthachtaí an Fhráma Tagartha Comónta Eorpach: foghlaim, teagasc, measúnú ... 33
Díolúintí i gcás na Gaeilge ... 34
Coláistí Samhraidh Gaeilge ... 34

**AGUISÍN 1 – Comhaltas an Comhchoiste ... 35**

**AGUISÍN 2 – Téarmaí Tagartha an Chomhchoiste ... 36**

Buan-Ordú 123 de Dháil Éireann ... 36
Buan-Ordú 105 de Sheanad Éireann ... 38

**AGUISÍN 3 – Cruinnithe agus Finnéithe ... 40**

## Réamhrá an Chathaoirligh



I mí na Samhna 2022, tháinig finnéithe thar ceann an Ghreásáin do Mhúinteoirí Gaeilge os comhair an Chomhchoiste chun a gcuid tuairimí a nochtadh ar an ábhar imní a bhí acu i dtaca leis an tSonraíocht T2 do Ghaeilge na sraithe sóisearaí. Ag eascairt uaidh sin, tháinig Coimisiún na Scrúduithe Stáit os comhair an Chomhchoiste i mí an Mhárta 2023, áit ar phléigh an Comhchoiste an ról a bhí ag an gCoimisiún i gcur i bhfeidhm na sonraíochta seo i bhfoirm an mheasúnaithe a dhéanfar ar Ghaeilge na sraithe sóisearaí do dhaltaí T2. Tháinig sé chun cinn gur socrú tríthaobhach a bhí sa phróiseas seo idir an Roinn Oideachais, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), agus tugadh le fios gur foras seachadta a bhí i CSS i gcás chur i bhfeidhm na sonraíochta seo ach gur faoin CNCM a bhí sé na sonraíochtaí a chur i dtoll a chéile.

Chuige sin, d'iarr an Comhchoiste ar an CNCM a cuid taighde i dtaca le Sonraíocht T2 na Gaeilge don tsraith shóisearach a chur ar fáil dó mar chuid dá imscrúdú ar an ábhar. Chuir an CNCM dhá thuarascáil faoina bhráid. Dhírigh tuarascáil Ollscoil na Gaillimhe ar shonraí a fuarthas ó aighneachtaí scríofa agus ó shuirbhéanna ar líne le linn an chomhairliúcháin ar dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 do Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Thug an Comhchoiste suntas don fhreagairt inti ar an tsraith shóisearach T2 go dtí seo.[1] Sa tuarascáil eile a réitigh Sealbhú, rinneadh athbhreithniú luath inti ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí T1 agus T2 araon do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí.[2]

Tháinig an tAire Oideachais os comhair an Chomhchoiste i mí an Mheithimh 2023, áit a ndearna sí tagairt do na torthaí a d'eascair ó na tograí taighde seo: an iomarca béime ar an litríocht agus an Ghaeilge labhartha thíos leis dá bharr, gan trácht ar na comhpháirteanna measúnuithe nár thug dóthain aitheantais don chomhrá i nGaeilge.

[1] Mac Gearailt, B., Davitt, E. *et al*, (2023), 'Anailís ar na suirbhéanna agus aighneachtaí scríofa ar dhreachtsonraíochtaí Gaeilge na hArdteistiméireachta (T1 agus T2): Tuarascáil a ullmhaíodh don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta', Scoil an Oideachais, Ollscoil na Gaillimhe; agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
[2] Mac Gearailt, C. agus Ó Duibhir, P. (2023), 'Athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tSraith Shóisearach', Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Tháinig an freagairt seo leis an imscrúdú atá déanta ag an gComhchoiste agus leis an méid a chuir finnéithe faoina bhráid – idir mhúinteoirí agus daltaí iar-bhunscoile. Thug an tAire Oideachais le fios go raibh an CNCM tar éis athruithe a chomhaontú mar gheall air seo, agus go dtiocfadh na hathruithe seo i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2023.[3] Le linn scríobh na tuarascála seo, d'fhógair Sealbhú ag tús na bliana 2024 go raibh staidéar leantach ar siúl aige ar luathchur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí ar son CNCM, áit a mbeifear ag súil go n-ardófar ábhair, dúshláin agus deacrachtaí a thiocfaidh chun cinn bunaithe ar na leasaithe a rinneadh ar an tsonraíocht Ghaeilge T2 go dtí seo.[4]

Níl an Comhchoiste sásta leis an tSonraíocht T2 do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí mar a leagtar amach í faoi láthair. Aithníonn sé go bhfuil an chuma air freisin nár éisteadh leis na páirtithe leasmhara i gceart maidir leis an ábhar imní a bhí acu faoin tsonraíocht T2. Níor mhór don Aire Oideachais a chinntiú go mbeidh athruithe ar an tsonraíocht seo fianaisebhunaithe, bunaithe ar dhea-chleachtas agus go gcinnteofar go mbeidh guth na bpáirtithe leasmhara le cloisteáil ó thús deiridh an phróisis. Caithfear méid na litríochta a laghdú, tuilleadh béime a chur ar an nGaeilge labhartha tríd an mbéaltriail a thabhairt ar ais agus a chinntiú go mbeidh aitheantas agus marcanna ag dul don obair sin. Níor mhór ailíniú a dhéanamh leis an bhFráma Tagartha, faoi mar a dhéantar i gcás teangacha iasachta, rud a chinnteoidh go mbeidh torthaí foghlama níos soiléire ar fáil do mhúinteoirí agus daltaí araon i gcás na Gaeilge. Molann an Comhchoiste go mbeidh sé mar phríomhthoradh an chórais T2 ag leibhéal na sraithe sóisearaí go mbeidh Gaeilge labhartha líofa ag daltaí iar-bhunscoile tar éis dóibh an cúrsa seo a chur díobh, beag beann ar cé acu a mbeidh nó nach mbeidh Gaeilge scríofa agus labhartha acu. Anuas air sin, ba cheart go gcuirfear cúrsaí Gaeilge T1 agus T2 ar fáil i scoileanna T2 i gcás daltaí ar mian leo tabhairt faoin gcúrsa T1; agus go mbeadh an rogha sin acu más spéis leo tabhairt faoina leithéid. Dá n-éireodh leo Gaeilge labhartha líofa a bhaint amach ag an leibhéal seo, d'fhéadfaidís líofacht a shealbhú sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht tráth níos faide anonn.

---

[3] Ráiteas Tosaigh an Aire Oideachais, 14 Meitheamh 2023;
An Roinn Oideachais, Ciorclán 0015/2023: 'Leasuithe ar shonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí agus socruithe measúnaithe do Mheasúnuithe Rangbhunaithe 1 agus 2', Márta 2023

[4] Ní Dhiorbháin, A. O'Grady S. (2024), 'Staidéar agus Athbhreithniú Leantach ar Luathchur i bhfeidhm Shonraíochtaí Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 & T2)', Sealbhú, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Mar sin féin, ní hé sin le rá nach nglacann an Comhchoiste leis go bhféadfadh daltaí na trí scileanna sin a sheabhú ag aon am amháin. Sná sála air sin, tugann an Comhchoiste dá aire gur choimisiúnaigh an CNCM Athbhreithniú Leantach agus go mbeidh Sealbhú ag tabhairt faoin obair chéanna. Is ábhar imní é don Chomhchoiste áfach, go mbeidh an t-athbhreithniú féin ag díriú isteach ar na gnéithe atá sa chóras reatha amháin, agus nach mbreathnófar ar fhéidearthachaí na béaltrialach mar chuid den athbhreithniú féin toisc nach ann dó sa chóras mar atá. Creideann an Comhchoiste gur cheart an scrúdú béil a thabhairt ar ais ós rud é gurb é sin atá á mholadh san fhianaise a ndearna an Comhchoiste breithniú air go dtí seo ar an gceist.

Ar an ábhar céanna, níor mhór don Aire Oideachais, an CNCM agus CSS oiliúint a chur ar fáil do mhúinteoirí ar na sonraíochtaí chomh maith le hacmhainní, treoracha, ábhar foghlama (páipéir shamplacha nó treoracha ar ábhar na measúnuithe) a chur ar fáil do mhúinteoirí agus daltaí iar-bhunscoile. Cinnteoidh sé seo go mbeidh cur amach níos fearr acu maidir le céard a bheidh rompu don scrúdú deiridh.

Ba mhaith leis an gComhchoiste buíochas a ghabháil leis an nGreásáin do Mhúinteoirí Gaeilge, Sealbhú, agus Ollscoil na Gaillimhe as an gcúnamh a thug siad don Chomhchoiste ar imscrúdú an ábhair seo. Tá súil agam féin agus ag Comhaltaí an Chomhchoiste go gcuirfidh an tAire Oideachais, an CNCM agus CSS na moltaí san áireamh, atá curtha i dtoll a chéile aige, mar chuid den athbhreithniú a dhéanfar ar an tsonraíocht T2 do Ghaeilge na sraithe sóisearaí.

Ag a chruinniú ar an 22 Bealtaine 2024, chomhaontaigh an Comhchoiste glacadh leis an tuarascáil seo agus í a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais ar an 12 Meitheamh 2024.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach

22 Bealtaine 2024

## Moltaí

1. Molann an Comhchoiste gurb é an toradh is tábhachtaí atá sa chóras T2 ag leibhéal na sraithe sóisearaí ná go mbeidh Gaeilge labhartha líofa ag na daltaí nuair a chuirfidh siad an leibhéal sin díobh. Tá súil ag an gComhchoiste freisin go mbeidh cumas an-mhaith sa scríbhneoireacht agus sa léitheoireacht ag formhór na ndaltaí céanna. Is é tuairim láidir an Comhchoiste, áfach, gur cheart go mbeidh Gaeilge labhartha líofa ag 90% díobh as seo amach.

2. Molann an Comhchoiste go leagfar an bhéim ar an nGaeilge labhartha líofa sa chóras T2, agus uaidh sin, go mbeidh deis ag na daltaí sna scoileanna a fheidhmíonn i mBéarla tabhairt faoin gcúrsa T1 más spéis leo é sin a dhéanamh. Bheadh an Comhchoiste ag moladh, dá réir, go mbeidh dualgas ar gach uile iar-bhunscoil sa Stát, a fheidhmíonn i mBéarla, cúrsaí Gaeilge T1 agus T2 a chur ar fáil dá gcuid daltaí.

3. Molann an Comhchoiste gur cheart don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta an tsonraíocht T2 reatha do Ghaeilge na sraithe sóisearaí a chur ar leataobh agus tosú an athuair ón tús le dearadh na sonraíochta féin.

4. Molann an Comhchoiste gur cheart don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a chinntiú go mbeidh dóthain eolais, acmhainní, treoracha agus ábhar ar fáil agus sonraíocht nua don Ghaeilge T2 á cur i dtoll a chéile aici. D’áireofaí liostaí litríochta, páipéir shamplacha, téamaí nó ábhair fhéideartha don ghné labhartha den mheasúnú, scéimeanna marcála leis sin.

5. Molann an Comhchoiste gur cheart don Aire Oideachais, don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, agus do Choimisiún na Scrúduithe Stáit treoir níos soiléire agus níos cuimsithí a leagan amach do mhúinteoirí agus daltaí scoile i gcás na dtorthaí foghlama a mbeifí ag súil leo ó dhaltaí na sraithe sóisearaí.

6. Molann an Comhchoiste do Choimisiún na Scrúduithe Stáit treoir níos beaichte agus níos soiléire a leagan amach do scrúdú Gaeilge T2 na sraithe sóisearaí. Mar chuid den treoir sin, bheadh an Comhchoiste den tuairim gur cheart briseadh síos a thabhairt ar na marcanna a ghabhann le gach mír de cheist ar bith ar an bpáipéar scrúduithe agus nár cheart do chúrsaí ceartúcháin an scrúdaitheora a bheith mar chonstaic do dhaltaí tuiscint a bhaint as an scrúdpháipéar agus iad i mbun an scrúdaithe.

7. Molann an Comhchoiste do Choimisiún na Scrúduithe Stáit aiseolas a lorg ar an réim teanga i dtreoracha agus ábhar na scrúduithe T2 don Ghaeilge sula bhfoilseofar iad lena chinntiú go dtiocfaidh an stór focal leis an méid a mbeadh cur amach ag na daltaí air agus go mbeidís in ann tabhairt faoi cheisteanna an scrúdaithe de réir mar is cuí.

8. Molann an Comhchoiste gur cheart do Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí ama a bhaineann leis an gcluastuiscint Ghaeilge do dhaltaí T2 na sraithe sóisearaí. Feictear don Chomhchoiste gur cheart na giotaí cainte a chloisteáil trí huaire, faoi mar a dhéantar sna scrúduithe i leith dara teangacha eile, is cuma más rud é go bhfuil daltaí sin i mbun an dara teanga sin a fhoghlaim ón mbunscoil. Tá daltaí T2 ag foghlaim na Gaeilge mar an dara (nó an tríú teanga) atá acu; chuige sin, ba cheart don Ghaeilge a bheith ar comhchéim leis na dara teangacha eile ag leibhéal na sraithe sóisearaí i gcás na cluastuisceana.

9. Molann an Comhchoiste don Aire Oideachais, don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus do Choimisiún na Scrúduithe Stáit treoir i bhfad níos soiléire agus níos cuimsithí a leagan amach don Ghaeilge i gcás na sonraíochta T2 ag leibhéal na sraithe sóisearaí. Caithfear tascanna agus measúnuithe a fhorbairt agus a chinntiú go mbeidh siad réadúil don spriocghrúpa T2 – ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon agus go mbeidh a leithéid dírithe ar fhoghlaim an dara teanga.

10. Molann an Comhchoiste don Aire Oideachais agus don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta an bonnleibhéal a thabhairt ar ais an athuair don tSraith Shóisearach. Ba léir don Chomhchoiste go bhfágtar daltaí ar lár a bhíonn ag streachailt le foghlaim na Gaeilge sa tsonraíocht reatha T2, áit nach bhfuil ach gnáthleibhéal agus ardleibhéal ar fáil. Níor mhór freastal ar shainriachtanais na ndaltaí sin de réir mar is ceart.

11. Molann an Comhchoiste don Aire Oideachais, don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus do Choimisiún na Scrúduithe Stáit athbhreithniú a dhéanamh ar ghné na litríochta den tsonraíocht T2 don Ghaeilge. Bheadh an Comhchoiste ag moladh gur cheart féachaint an athuair ar an réimse litríochta a chuirtear ar fáil agus a chinntiú go mbeidh réimse leathan ábhar ann ach líon na dtéascanna a laghdú. Ba cheart gur Gaeilge chaighdeánach (a oiread agus is féidir) a bheidh sna téacsanna agus go gcinnteofar go gcuirfidh an litríocht le torthaí foghlama labhartha na ndaltaí chun an fhoghlaim de ghlanmheabhair a sheachaint.

12. Molann an Comhchoiste go gcinnteoidh an tAire Oideachais, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit go dtabharfar níos mó roghanna do dhaltaí agus iad ag freagairt ceisteanna ar chúrsaí litríochta an scrúdpháipéir.

13. Molann an Comhchoiste don Aire Oideachais, don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus do Choimisiún na Scrúduithe Stáit athbhreithniú a dhéanamh ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus leasuithe a dhéanamh orthu lena chinntiú go mbeidh scrúdú béil cheart ann a mbeidh marcanna ag dul leis mar chuid den scrúdú deiridh in áit Measúnú Rangbhunaithe Anuas air sin, molann an Comhchoiste go gcuirfear seo in oiriúint do leibhéal cumais na ndaltaí T2 trí réimse leathan topaicí a chur ar fáil dóibh chun bradaíl a sheachaint, agus go gcuirfear na tascanna in oiriúint do dhaltaí T1 freisin toisc nach ndearnadh idirdhealú eatarthu roimhe seo.

14. Molann an Comhchoiste gur cheart don Aire Oideachais, don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus do Choimisiún na Scrúduithe Stáit an tasc measúnaithe a bhaineann le MRB2 a chaitheamh i dtraipisí, an bhéaltriail a chur i bhfeidhm arís agus go mbeadh 40% de mharcanna iomlána don Ghaeilge sa tsraith shóisearach ag gabháil don bhéaltriail.

15. Molann an Comhchoiste gur cheart don Aire Oideachais, don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus do Choimisiún na Scrúduithe Stáit athbhreithniú agus anailís chuimsitheach a dhéanamh ar an gcur chuige is fearr chun measúnú a dhéanamh ar na míreanna den bhéaltriail i dtaca le leithdháileadh múinteoirí mar scrúdaitheoirí don scrúdú cainte. Ba cheart dul i mbun cainteanna le ceardchumainn na múinteoirí chun teacht ar an réiteach is fearr do mhúinteoirí agus iad ag tabhairt faoin gcineál oibre seo ó thaobh cúrsaí ama agus íocaíochta de.

16. Molannn an Comhchoiste don Aire Oideachais, don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus do Choimisiún na Scrúduithe Stáit athbhreithniú a dhéanamh ar an tsonraíocht Ghaeilge don T2 lena chinntiú go mbeidh ailíniú ann leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach: foghlaim, teagasc agus measúnú. Aithníonn an Comhchoiste go bhfuil aitheantas idirnáisiúnta ag an bhFráma go hidirnáisiúnta agus cinnteoidh an t-ailíniú seo go mbeidh torthaí foghlama soiléir ann i dtaobh sealbhú na Gaeilge labhartha de ag leibhéal T2 na sraithe sóisearaí.

17. Molann an Comhchoiste don Aire Oideachais, don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus do Choimisiún na Scrúduithe Stáit athbhreithniú a dhéanamh ar chritéir reatha na ndíolúintí a bhronntar ó staidéar na Gaeilge, agus go mbronnfar an díolúine ar an dara teanga (in áit na díolúine ar an nGaeilge amháin), má tá díolúine ón dara teanga riachtanach agus dosheachanta don dalta.

18. Molann an Comhchoiste don Aire Oideachais, don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus do Choimisiún na Scrúduithe Stáit a chinntiú go gcuirfear deiseanna, acmhainní agus tacaíochtaí airgeadais níos leithne ar fáil do dhaltaí iar-bhunscoile ar mian leo freastal ar choláistí samhraidh Gaeilge chun blaiseadh, eispéireas agus deis a thabhairt dóibh tabhairt faoi shealbhú na Gaeilge.

# 1. Forléargas ar an tSonraíocht T2 do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí

Mar chuid d'imscrúdú an Chomhchoiste, cuireadh in iúl dó gurbh í aidhm sonraíochtaí Gaeilge na sraithe sóisearaí ná chun forbairt, daingniú agus leathnú a dhéanamh ar thuiscint na ndaltaí ar an nGaeilge. Chuirfí le cumas na ndaltaí cumarsáid éifeachtach, idirghníomhach agus mhuiníneach a dhéanamh i suímh fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla an phobail teanga. Chuirfí béim ar chothú agus ar fhorbairt na feasachta: feasacht teanga, chultúrtha agus féinfheasacht na ndaltaí san áireamh mar fhoghlaimeoir teanga. Bhreathnófaí air go dtabharfadh na daltaí na scileanna leo, le linn a gcuid ama san iar-bhunscoil agus go ndéanfaí iad a bhuanú agus a fhorbairt dá réir. Chuirfí ar chumas na ndaltaí úinéireacht a ghlacadh ar a gcuid foghlama féin, cumas a sheasfadh leo sa saol tar éis na scoile.

Feictear don Chomhchoiste go leagann an tSraith Shóisearach go leor béime ar mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama. Chuimsitheodh sé seo an measúnú ar Ghaeilge do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraith Sóisearaí (PGSS) dhá Mheasúnú Rangbhunaithe – MRB1: an Phunann Teanga; agus MRB2: an Tasc Cumarsáideach; agus Tasc Measúnaithe a cheanglaítear leis an scrúdú deiridh. Socraíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit an scrúdú deiridh ag dhá leibhéal: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Ós rud é go gceanglaítear an measúnú ranga agus measúnú eile le córas nua tuairiscithe, arb é bronnadh Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a bhuaicphointe, bheadh sé mar aidhm go dtabharfadh sé léargas leathan soiléir do thuismitheoirí/ do chaomhnóirí ar thuras foghlama na ndaltaí le linn tréimhse thrí bliana na sraithe sóisearaí.

Aithníonn an Comhchoiste, áfach, nár éirigh le daltaí ná le múinteoirí gach gné de na sonraíochtaí a chur i bhfeidhm. Chuir sí isteach go mór ar an eispéireas teagaisc agus foghlama mar gheall ar phaindéim Covid-19. B'éigean do na scoileanna dúnadh ar feadh scaithimh le linn thréimhse na paindéime agus úsáid a bhaint as an teagasc cumaisc. Ní raibh an rochtain chéanna ag daltaí ar acmhainní ar líne, cuir i gcás, agus bhí idir mhúinteoirí agus daltaí as láthair ó am go chéile toisc go raibh an víreas tolgtha acu féin. Níor reáchtáladh scrúduithe stáit ar chor ar bith sa bhliain 2020 ná sa bhliain 2021 (ach amháin do lucht luathfhágála na scoile agus foghlaimeoirí fásta) agus ní raibh cohórt ar bith tar éis cur amach a fháil ar thimthriall thrí bliana na Sraithe

Sóisearaí mar a bhí beartaithe. D'aithin Sealbhú, sa taighde a chuir sé le chéile ar na Sonraíochtaí seo, go bhféadfadh sé seo ar fad tionchar a imirt ar aiseolas na bpáirtithe leasmhara. Murach an phaindéim, bhí sé i gceist an t-athbhreithniú a dhéanamh sa bhliain 2020, ach thug Sealbhú le fios gur cheart na srianta seo a chur san áireamh agus tátail á mbaint astu.

De réir mar a thuigeann an Comhchoiste, tar éis dó cíoradh a dhéanamh ar an tSonraíocht T2 do Ghaeilge na sraithe sóisearaí, bhí múinteoirí míshásta léi ar an iomlán. I mbeagán focal: bhí idir mhúinteoirí agus daltaí den tuairim go raibh an t-uafás le clúdach ar an gcúrsa. Thacaigh múinteoirí leis seo sa mhéid is nach raibh dóthain ama ann chun forbairt cheart a dhéanamh ar scileanna teanga uile an chúrsa, go háirithe i gcás na litríochta agus na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB). Cuireadh in iúl don Chomhchoiste freisin go ndearna an CNCM agus an Roinn Oideachais cúpla mionleasú ar na sonraíochtaí Gaeilge tar éis fhoilsiú na tuarascála ar an Athbhreithniú Luath ar chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tSraith Shóisearach. Ní théann na mionleasuithe céanna i ngleic ar chor ar bith leis na mórfhadhbanna a aithníodh sa tuarascáil féin: easpa scrúdú béil, easpa treorach maidir leis na torthaí foghlama agus scrúduithe, agus an easpa marcanna don obair labhartha ina measc.

## 2. Anailís ar an tSonraíocht T2 don tSraith Shóisearach

### Athbhreithniú ar an bPróiseas Comhairliúcháin

Thug CSS le fios don Chomhchoiste gurbh é cur i bhfeidhm beartais scrúduithe agus measúnaithe an ról a bhí ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus bheadh sé seo faoi stiúir an Aire Oideachais. Is í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a chuireann comhairle ar an Aire faoi fhorbairt an churaclaim; socraíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar na mionsonraí maidir le struchtúr agus ábhar an scrúdaithe i ngach uile ábhar scoile ar leith trí chomhairliúchán leis an Roinn Oideachais agus an CNCM. Uaidh sin, déanann CSS mionsonraí a dhearadh chun sampláil chuí a dhéanamh ar na torthaí foghlama. Is foras seachadta é CSS atá ina ghníomhaireacht de chuid na Roinne. An ról a bhí acu i bpróiseas athbhreithnithe na sraithe sóisearaí ná gur páirtí leasmhara a bhí ann lena linn, áit a raibh cinntí á ndéanamh leis an dá eagras eile i dteannta a chéile don churaclam trí chéile agus le haghaidh gach uile ábhar scrúduithe. Réitíonn CSS na scrúduithe deiridh de réir na struchtúr uileghabhálach faoi mar a leagann an Roinn amach atá mar chuid d'Athbhreithniú na Sraithe Sóisearaí.

## Neamhréir idir an Páipéar Samplach agus an Scrúdpháipéar Deiridh

Chuir CSS in iúl don Chomhchoiste go bhfuair sé idir aiseolas dearfach agus diúltach faoin bpáipéar samplach a d'eisigh sé do shonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí. An chúis leis an athbhreithniú ar an tsonraíocht ná chun cur chuige foghlama nua a chur i bhfeidhm don teagasc agus don fhoghlaim araon trasna na sraithe sóisearaí: sonraíocht dírithe ar thorthaí foghlama a bheadh ann seachas sonraíocht a bhí ábharbhunaithe. Dúirt CSS gurb é seo an scéal i gcás na sonraíochtaí agus na n-ábhar scoile ar fad chun cur chuige comhtháite a chur i bhfeidhm – i gcás na Gaeilge, an sprioc atá ann ná chun an Ghaeilge a fhí isteach in inniúlacht chumarsáide na ndaltaí trí chéile.

Ós rud é go bhfuil cur chuige i dtaca le torthaí foghlama in úsáid anois don pháipéar nua scrúdaithe don Ghaeilge ag an tsraith shóisearach, tá sé go hiomlán éagsúil leis an bpáipéar scrúdaithe a bhíodh ann don Ghaeilge don Teastas Sóisearach. Tá an páipéar nua ag teacht leis an tsonraíocht ar mhaithe leis an gcur chuige comhtháite a chur i gcleachtadh: níl aon cheist ar leith ann a dhíríonn ar ábhar ar leith; déanann na ceisteanna sa pháipéar nua measúnú ar ghnéithe éagsúla trasna an churaclaim chun spriocanna foghlama na sonraíochta a bhaint amach.

Le linn an phlé seo, tugadh le fios don Chomhchoiste gurb í an chúis nach gcuirtear páipéir shamplacha ar fáil ná toisc nach gcuireann an córas in Éirinn ábhar réamhthástála ar fáil. Níl ann ach an t-aon pháipéar samplach amháin faoi láthair toisc go mbeadh an bhuairt ann go n-úsáidfí róluath iad mar ábhar teagaisc sa phróiseas sula mbeidh an deis ag CSS a mheas cén chaoi a bhfuil ag éirí leis go dtí seo. Dúradh leis an gComhchoiste gur cuireadh an t-aiseolas seo san áireamh agus an páipéar samplach á chur i dtoll a chéile aige; dúradh go raibh an páipéar rófhada agus go raibh an iomarca ceisteanna air, mar sin, baineadh ceist amháin den scrúdú a cuireadh os comhair daltaí i mí an Mheithimh 2022.

Ceann de na deacrachtaí a ardaíodh i gcás pháipéar scrúdaithe Gaeilge 2022 ná go raibh dúshlán ann do mhúinteoirí a gcuid daltaí a ullmhú maidir leis an ábhar a bheadh rompu lá an scrúduithe agus ba í an tsonraíocht nua ba chúis leis sin. An smaoineamh a bhí ann ná go rachadh daltaí scoile i ngleic leis an nGaeilge agus le litríocht na teanga sa seomra ranga ar bhealach a dhíreodh ar eispéireas agus ar thuairimí pearsanta an fhoghlaimeora trí mheán na Gaeilge. Thabharfadh sé seo an deis do

dhaltaí – ar gach leibhéal cumais – a gcuid taithí pearsanta féin a úsáid chun sealbhú na Gaeilge a léiriú agus is chuige sin atá réimse leathan ceisteanna ar an bpáipéar. Mhaígh CSS nach bhfuil measúnú á dhéanamh ar dhaltaí ar an eolas atá acu ar chúrsaí reatha an tsaoil ach ar ghnáthúsáid na Gaeilge sa seomra ranga.

Thug múinteoirí le fios, áfach, gur beag cleachtadh a bhí daltaí na sraithe sóisearaí in ann a dhéanamh mar gheall ar Covid-19 nuair nár foilsíodh ach páipéar samplach oifigiúil amháin. Lena chois sin, bhí níos mó ceisteanna ar an bpáipéar samplach ach bhí níos lú marcanna ag dul don chluastuiscint. Caithfear anailís cheart a dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge na ndaltaí tar éis na sraithe sóisearaí T2 lena chinntiú go mbeidh bunús maith teanga ag daltaí ag tabhairt faoi Ardteistiméireacht. Bhí siad den tuairim gur cheart leabhrán de pháipéir shamplacha agus scéimeanna marcála a chur ar fáil do dhaltaí ag tús an dara bliain – curtha i dtoll a chéile ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Ba chóir go mbeadh aon chineál stíl ceiste a thiocfadh aníos ar an bpáipéar clúdaithe ann lena chinntiú nach dtagann aon cheo aniar aduaidh ar na daltaí. Chuige sin, thacaigh an Comhchoiste leis an moladh gur cheart go mbeadh dóthain faisnéise, treorach agus acmhainní ar fáil do mhúinteoir, go mórmhór sa chás go mbeidís ag tabhairt faoi chúrsa iomlán nua a theagasc do dhaltaí – cúrsa a bheadh go hiomlán éagsúil le seanchúrsa Gaeilge an Teastais Shóisearaigh a tháinig roimhe.

## Scéim Marcála

Chuir roinnt finnéithe in iúl don Chomhchoiste go raibh scéim marcála éagsúil i bhfeidhm do scrúdpháipéar Chomisisiún na Scrúduithe Stáit sa bhliain 2022 ón gceann a leagadh amach sna páipéir shamplacha: na cinn ardleibhéil agus gnáthleibhéil araon. Ó thaobh líon na marcanna de, leagadh amach iad ag barr na ceiste ach dúradh leis an gComhchoiste gur cheart briseadh síos na marcanna a lua le gach focheist freisin, go háirithe ós rud é nach raibh gach ceist ar comh-mharc. Chuige sin, bheadh treoir ag teastáil ó dhaltaí ionas go mbeidís in ann iad féin a ullmhú mar is cuí lá na scrúduithe.

Thug roinnt finnéithe le fios don Chomhchoiste gurbh amhlaidh a bhí cúrsaí i gcás an pháipéir ardleibhéil freisin. Ní raibh an réimse teanga oiriúnach do dhaltaí a bheadh ag tabhairt faoin T2 ag an leibhéal seo. Níor cuireadh roinnt mhaith ceisteanna ar fáil a bhí indéanta ag na scoláirí seo ón méid a bhí cleachtaithe acu sa seomra ranga leis na páipéir shamplacha. Tháinig neart ceisteanna nua chun cinn sa pháipéar ardleibhéil 2022 ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit – cinn nach raibh ar aon dul leis na cinn a bhí ar na páipéir shamplacha.

Bhí CSS den tuairim, áfach, gur tugadh dóthain treorach d'iarrthóirí agus in áiteanna áirithe ar an bpáipéar scrúdaithe, go raibh briseadh síos ann ar na marcanna. Bhí struchtúr "ceist-freagra" ag dul leis an bpáipéar scrúdaithe Gaeilge agus uaidh sin, bhí an CSS den tuairim gur cheart go mbeadh fios a ngóthaí ag daltaí maidir leis an méid a bheadh le scríobh acu le linn an scrúdaithe.

Cuireadh in iúl don Chomhchoiste go raibh ocht gceist ar an scrúdú a mbeadh marcanna ag gabháil leo. Go deimhin, ní bheadh briseadh síos ag dul le gach focheist ar mhaithe le solúbthacht a thabhairt do scrúdaitheoir nuair a chaithfí an páipéar a cheartú. Dúradh gur minic a dhéantar deacrachtaí a réiteach le linn an cheartúcháin dá mba rud é go dtiocfadh fadhbanna chun cinn do dhaltaí lá an scrúdaithe ach go gcuirfí an t-aiseolas sin san áireamh, mar sin féin, ar mhaithe le feabhas a chur ar an bpróiseas don chéad scoilbhliain eile. Luadh freisin go leagtar amach an caighdeán marcála bunaithe ar na 20 script samplacha a thagann amach as an bpróiseas chun scéimeanna marcála a chur i dtoll a chéile gach bliain. Ciallaíonn sé sin go mbíonn páipéar agus ceisteanna samplacha ar fáil le haghaidh gach uile ceist, rud a chuireann go mór le héifeachtúlacht an chórais trí chéile.

Bíodh sé sin amhlaidh, chonacthas don Chomhchoiste gur cheart tuiscint a bheith ag na daltaí ar an tasc a bheadh le comhlíonadh acu agus nach dtabharfaí lagmhisneach dóibh – bíodh sé sin ar lá na scrúduithe nó ina gcuid foghlama ar an nGaeilge don chuid eile dá gcuid scolaíochta. Dá mbeadh an t-eolas seo ar fáil ó thús phróiseas na sonraíochta seo, d’fhéadfadh CSS agus an CNCM an fhadhb seo a sheachaint agus treoir níos soiléire a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí araon roimh ré.

## Easpa Soiléireachta

Chuir páirtithe leasmhara in iúl don Chomhchoiste nár aimsigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an réim teanga cuí a bheadh oiriúnach do pháistí a bheadh ag tabhairt faoin tSonraíocht T2 sa Ghaeilge don ardleibhéal. Bhí siad den tuairim go raibh sí ródhúshlánach do na daltaí. Anuas air sin, bhí foclaíocht agus cineálacha stíle nach raibh feicthe ag na daltaí cheana go dtí lá an scrúdaithe. Níor mhór a chur san áireamh go gcinnteofaí go dtuigfeadh na daltaí an tasc a bheadh le comhlíonadh acu. Ba cheart go mbeadh na teoracha sna ceisteanna sothuigthe agus go mbeadh na daltaí in ann iad a láimhseáil; ba cheart go mbeadh na ceisteanna suimúil, spreagúil agus go mbainfidís le suimeanna agus le saol na ndaltaí féin.

Bhí roinnt finnéithe den tuairim gur cheart ceisteanna sothuigthe a chur leis na scrúduithe agus go mbeadh a leithéid dírithe ar cheisteanna praicticiúla: caitheamh aimsirí, laethanta saoire, mo cheantar agus cúrsaí teicneolaíochta ina measc. Tá an Comhchoiste go mór den tuairim gur cheart aitheantas agus aird a thabhairt ar dhea-chleachtais, meas a léiriú ar theangacha, ar thaighde fíricbhunaithe agus plé teangalárnach a bheith ann i dtaca leis an nGaeilge.

## Cúrsaí Ama

Chuir páirtithe leasmhara in iúl don Chomhchoiste go n-iarrtar ar dhaltaí atá ag tabhairt faoin scrúdú ardleibhéil T2 15 ceist a fhreagairt agus 11 ceist a fhreagairt ag an ngnáthleibhéal taobh istigh de dhá uair an chloig. Roimhe seo, bhí dhá pháipéar Ghaeilge ann ach anois caithfidh daltaí a gcuid scileanna a léiriú in aon pháipéar scrúdaithe amháin nach maireann ach dhá uair an chloig.

Léiríodh ábhar imní faoin deacracht a bheadh ann do dhaltaí bainistiú a dhéanamh ar pháipéar scrúdaithe nach mbeadh cur amach ag daltaí an Teastas Shóisearaigh air, go mórmhór nuair nach eol dóibh cé chomh fada nó gearr is ba cheart do na freagraí a bheith, gan trácht ar an gcaoi a mbronnfaí marcanna: ábhar; stór focal agus cruinneas na bhfreagraí. Bhraith roinnt páirtithe leasmhara go raibh easpa rogha sa scrúdpháipéar síos tríd. Ba cheart go mbeadh rogha níos leithne ar an bpáipéar in áit ceisteanna éigeantacha amháin a bheith air. Dar le roinnt díobh, thabharfadh tuilleadh

roghanna ar an scrúdpháipéar an deis aitheantas a thabhairt don obair ranga ar fad a bhí idir lámha ag na daltaí sa dara agus sa tríú bliain.

Thug CSS soiléiriú ar an gcúis nach raibh rogha ann i measc na gceisteanna ar an scrúdpháipéar: sheachnófaí an baol go gcuirfí daltaí a gcuid ama amú ag roghnú ceisteanna – bhí srian ama ann, dar leis an gCoimisiún, toisc nach bhfuil ach dhá uair an chloig ann ag daltaí an scrúdú a dhéanamh. Thabharfadh sé seo cothrom na Féinne do dhaltaí a bheadh ag streachailt leis an nGaeilge toisc go mbeadh níos lú le léamh acu ar an bpáipéar scrúdaithe. Scaití, d'fhéadfadh rogha a bheith ann laistigh de cheisteanna áirithe: chun blag, litir nó ríomhphost a scríobh, cuir i gcás.

Mar sin féin, bhí páirtithe leasmhara den tuairim go gcaithfear dul i ngleic leis seo go mórmhór agus a thábhachtaí is atá an tsraith shóisearach do dhaltaí óga chun forbairt a dhéanamh ní amháin ar a gcuid scileanna scríofa, cainte agus léitheoireachta, ach lena chinntiú freisin go bhfaigheadh daltaí taithí scrúdaithe, ar obair agus ar fhéinbhaintistiú do scrúduithe na hArdteistiméireacht agus don ghnáthshaol tar éis dóibh an scoil a fhágáil.

I gcás na cluastuisceana, chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl don Chomhchoiste go gcloiseann daltaí na giotaí cluastuisceana trí huaire sna teanga iasachta chun deis a thabhairt dóibh a gcuid freagraí a bhreacadh síos. Sa Ghaeilge, áfach, ní cloistear na giotaí ach faoi dhó. Cosúil leis na teangacha sin, is í an Ghaeilge an dara teanga d'fhormhór na ndaltaí i scoileanna T2 toisc go labhraíonn formhór na ndaltaí Béarla sa bhaile.

## Torthaí Foghlama

Chuir roinnt múinteoirí in iúl don Chomhchoiste gurb í ceann de na fadhbanna is mó ná an tSonraíocht féin. Chonacthas dóibh nach bhfuil aon cheo ann mar their ach torthaí foghlama gan sonrú. Ní luaitear ábhar, téama ná topaic ar bith. Ní ainmnítear seánraí scríbhneoireachta ná rud ar bith eile a thabharfadh le fios do mhúinteoirí agus daltaí céard go díreach a chaithfidh siad a bhaint amach. Tá na torthaí foghlama róchasta, rótheibí agus róleathan agus tá i bhfad an iomarca torthaí ann agus anuas air sin, ní leor na torthaí foghlama iontu féin.

Nuair a chríochnaíonn daltaí T2 an tsraith shóisearach agus iad ar tí tosú sa chúigiú bliain, thug múinteoirí le fios go mbeidh siad ag tabhairt faoin Ardteistiméireacht chéanna is a bheidh daltaí a rinne an tsraith shóisearach T1. Caithfear an bhearna a líonadh idir an dá leibhéal an oiread agus is féidir ó thaobh chaighdeán Gaeilge na ndaltaí.

Bhí roinnt múinteoirí den tuairim gur cheart féachaint go mion ar shainriachtanais daltaí T2 ó thaobh fhoghlaim na teanga de agus sonraíochtaí agus measúnuithe a fhorbairt a d'fhreastalódh i gceart ar na sainriachtanais sin. Caithfear tascanna a chumadh a bheidh ag leibhéal réadúil don spriocghrúpa T2 – ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Caithfidh sé seo díriú ar fhoghlaim na Gaeilge mar an dara teanga.


Thug CSS le fios, áfach, gur éirigh leis gach ar mhian leis a bhaint amach a chur i gcrích leis an bpáipéar scrúdaithe nua in ainneoin na ndúshlán a ndearnadh tagairt dóibh. Ó thaobh feidhmíochta de, luaigh sé go raibh na torthaí scrúduithe don Ghaeilge agus don Bhéarla gob ar ghob trasna an bhoird agus i gcásanna áirithe, is fearr a d'éirigh le daltaí áirithe sna páipéir Ghaeilge i gcomparáid leis na páipéir Bhéarla. De réir anailís an Chomhchoiste ar an bhfaisnéis a chuir CSS faoina bhráid, dealraíodh gur éirigh le 2.8% de dhaltaí 'Gradam' a bhaint amach sa Ghaeilge ag an ardleibhéal sa bhliain 2022 i gcomparáid le 2.2% a bhain grádanna amach ag an leibhéal céanna don Bhéarla le linn na bliana céanna, cuir i gcás. Bíodh sé sin amhlaidh, ní mór an fhaisnéis seo a chur i gcomhthéacs líon na ndaltaí a thug faoin dá ábhar sa bhliain 2022. I gcás an ardleibhéil don Ghaeilge T2, baineann an céatadán sin le líon daltaí i bhfad níos ísle (29,542 dalta) le hais an fhigiúir chéanna don Bhéarla ag an ardleibhéal (54,092). Mar sin, in ainneoin go bhfuil an figiúr don Ghaeilge níos airde ná mar atá don Bhéarla, is ag caint ar chohórt daltaí i bhfad níos ísle atá na


figiúirí céanna, rud a ardaíonn ceisteanna faoi rannphháirtíocht daltaí iar-bhunscoile sa Ghaeilge mar ábhar scoile trí chéile, go háirithe sa mhéid is gur croí-ábhair scoile iad an Ghaeilge agus an Béarla araon.

Chuir CSS in iúl go bhfuil teorainn leis an méid ar féidir leis a bhaint amach toisc go mbíonn siad ag feidhmiú de réir an mhéid a leagtar amach sa tsonraíocht, a thagann faoi scáth an CNCM. D'ainneoin sin, mhaígh sé go raibh sé sásta – leis an bpáipéar samplach agus leis an leagan beo araon. Déantar na ceisteanna a dhearadh sa chaoi is go bhféadfadh na hiarrthóirí/ daltaí freagraí a tharraingt ó na ceisteanna ar an bpáipéar scrúduithe. Chonacthas don CSS gur éirigh leis é a sin a chur i gcrích. Chuir sé in iúl freisin go raibh próiseas athbhreithnithe ar bun ag an CNCM ar an ngné chainte den mheasúnú chomh maith leis an scrúdú féin agus na torthaí foghlama. Ní bheadh baint ná páirt ag an CSS sa chuid sin den phróiseas, áfach.


| Béarla na Sraithe Sóisearaí 2022 | Ardleibhéal | Gnáthleibhéal |
|---|---|---|
| Gradam (90-100%) | 2.2% | 2.1% |
| Ardtuillteanas (75-90%) | 18.3% | 22.0% |
| Tuillteanas (55-70%) | 59.0% | 47.5% |
| Gnóthaithe (40-55%) | 23.3% | 20.8% |
| Gnóthaithe go páirteach (20-40%) | 5.1% | 6.9% |
| Neamhghrádaithe (0-20%) | 0.3% | 0.7% |
| **Iomlán na nIarrthóirí** | **54,092** | **12,173** |


## Miondealú céatadáin ar iarrthóirí de réir an ghráid a bronnadh don Ghaeilge[5]




[5] Faisnéis a chuir CSS faoi bhráid an Chomhchoiste i mí an Mhárta 2023 maidir le miondealú céatadáin na n-iarrthóirí de réir an ghráid a bronnadh i ngach ábhar do scrúduithe na Sraithe Sóisearaí 2022. Seo iad na torthaí i ndiaidh an phróisis achomhairc a bheith curtha i gcrích.


Gaeilge T1 (Ardleibhéal) 2022
4.00%
0.05%
3.60%
23.70%
25.00%
47.60%
Gradam (90-100%)
Ardtuillteanas (75-90%)
Tuillteanas (55-70%)
Gnóthaithe (40-55%)
Gnóthaithe go páirteach (20-40%)
Neamhghrádaithe (0-20%)


Gaeilge T1 (Gnáthleibhéal) 2022
7.50%
2.20%
3.00%
15.70%
23.90%
47.80%
Gradam (90-100%)
Ardtuillteanas (75-90%)
Tuillteanas (55-70%)
Gnóthaithe (40-55%)
Gnóthaithe go páirteach (20-40%)
Neamhghrádaithe (0-20%)

Ba léir don Chomhchoiste, mar sin, nach leor na torthaí foghlama mar a leagtar amach iad faoi láthair. Teastaíonn níos mó ná mar atá na sonraíochtaí faoi láthair do scrúdú seachtrach. Caithfear eolas a chur ar fáil ar an ábhar, ar na téamaí, ar na topaicí agus ar na seánraí litríochta. Ní fios ag múinteoirí cá bhfuil a dtriall agus bíonn sé i bhfad níos deacra ábhar a chlúdach lena chinntiú go bhfuil daltaí ullmhaithe don scrúdú.

### An Bonnleibhéal

Bhí páirtithe leasmhara den tuairim gur fágadh na daltaí is laige ar an trá fholamh ó cuireadh deireadh leis an bpáipéar bonnleibhéil don Ghaeilge. Bhí siad ag déanamh amach go mbeadh deacrachtaí ag na daltaí céanna – a bhíodh ag tabhairt faoin mbonnleibhéal – an páipéar gnáthleibhéal a dhéanamh ó thús go deireadh.

Tugadh le fios go mbíodh éileamh ann i gcónaí ar scrúduithe bonnleibhéil do roinnt daltaí i scoileanna a thagann faoi chúram an phlean '[Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh'](#) (DEIS) chomh maith le scoileanna eile. Ós rud é go bhfuil an bonnleibhéal imithe anois, agus nach bhfuil an rogha ag na daltaí céanna ag tabhairt faoin scrúdú gnáthleibhéil, tá dualgas ar an Aire freastal ceart a dhéanamh ar chumas agus ar shainriachtanais na ndaltaí sin, rud nach bhfuil ar siúl faoi láthair.

## Litríocht

Thug páirtithe leasmhara le fios go raibh i bhfad an iomarca litríochta le déanamh ag daltaí ag an aois agus ag an gcumas seo ag an staid seo. Ní bheadh an cumas acu dul i mbun léitheoireachta go neamhspleách sa bhaile. Bhí réimse leathan litríochta le clúdach i gcaitheamh tréimhse dhá bhliain. Rinneadh faillí ar dhaltaí nuair nach raibh ceist ann ar gach cuid den litríocht – b'fhearr i bhfad dá mbeadh rogha ann ar lá an scrúdaithe agus ceisteanna a bheith ar an scrúdpháipéar a bheadh dírithe ar gach gné den litríocht. Ba cheart líon na dtéacsanna a gcaithfeadh na daltaí staidéar a dhéanamh orthu a laghdú go suntasach.

Sa chéad scrúdú Gaeilge ó foilsíodh an tsonraíocht nua, i mí an Mheithimh 2022, bhí roinnt páirithe leasmhara den tuairim gur iarradh ar dhaltaí ceisteanna a fhreagairt ar an bpáipéar ardleibhéil a bhí i bhfad os cionn a gcumas. Sa cheist fhilíochta, iarradh orthu ligean orthu gur léigh siad an dán ag ócáid speisialta nó aithris filíochta. Ansin, bhí orthu cur síos a dhéanamh ar an ócáid agus an fáth a raibh téama an dáin oiriúnach don ócáid sin. Iarradh orthu iad féin a chur i ról carachtair ón úrscéal agus ceisteanna casta a fhreagairt agus iad sa ról sin. Tasc deacair agus dodhéanta a bhí anseo, dar le roinnt páirtithe leasmhara agus is scil ar leith í an anailís chriticiúil. Is ábhar iontais é, dar leo, gur iarradh a leithéid de cheist ar dhaltaí 15 bliain d'aois sa Ghaeilge, go háirithe nuair nach n-iarrtar a leithéid i scrúduithe eile do theangacha iasachta.

Rinne an CSS tagairt don réimse roghanna sa tsonraíocht nua i gcás na litríochta. Bíonn réimse litríochta le léamh agus iad na scoileanna, na múinteoirí agus na daltaí araon a roghnaíonn an litríocht a ndéanfaidh siad féin staidéar uirthi. Leagtar amach na ceisteanna seo go leathan sa mhéid is gur féidir leo na ceisteanna a chur in oiriúint do phíosa litríochta, dán, dráma nó ceist filíochta ar leith. Maíodh go ndeachaigh daltaí i ngleic leis na téacsanna litríochta ar bhealach dearfach agus go raibh tuiscint mhaith acu ar an méid a iarradh orthu a bhaint amach ó thaobh na spriocanna foghlama de. Bhí CSS go láidir den tuairim nach raibh an ghné litríochta den tsonraíocht dírithe ar ábhar ach gur gléas a bheadh ann le cur le sealbhú Gaeilge na ndaltaí agus an deis a thabhairt dóibh a gcuid scileanna teanga a léiriú. Ní iarrtar ar dhaltaí anailís chriticiúil a dhéanamh ar théacsanna litríochta.

Mar sin féin, bhraith roinnt páirtithe leasmhara gur chuir an bhéim a bhí ar an litríocht bac le forbairt na teanga labhartha agus gur mhúch an t-ualach litríochta suim na ndaltaí sa teanga agus sa litríocht araon. Maíodh freisin go raibh tionchar diúltach ag an líon litríochta ar eispéireas agus inspreagadh na múinteoirí. Bhraith daltaí sna scoileanna T2 go raibh siad ag streachailt le foghlaim na Gaeilge toisc gur cuireadh an iomarca béime ar chúrsaí litríochta in áit cumas cainte. Shíl siad go raibh an iomarca téacsanna ann agus easpa éagsúlachta iontu. Bhí gearán ann go raibh cuid mhaith de na gearrscéalta a roghnaíodh dóibh róchosúil lena chéile, agus dá bharr, bhí sé ródheacair dóibh idirdhealú a dhéanamh eatarthu.

Thagair roinnt páirtithe leasmhara do na saothair a roghnaíodh do na liostaí litríochta agus cé chomh éasca nó deacair is a bhí sé teacht orthu. Bhí siad den tuairim gur cothromaíocht ó thaobh canúna agus foilsitheoirí an cuspóir a bhí le roghnú na dtéacsanna seachas caighdeán. Ba ábhar imní é an ról a bheadh ag an litríocht sa mheasúnú stáit agus an drochthionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an bhfoghlaim de ghlanmheabhair ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim. Chuige sin, iarradh go ndéanfaí taighde ar úsáid na litríochta sa seomra ranga. Luaigh páirtithe leamhara áirithe, áfach, gur chabhraigh an litríocht leis na daltaí eochairfhocail a fhoghlaim de ghlanmheabhair, rud a chur le stór focal na ndaltaí ach luadh freisin nár chabhraigh sé seo cur lena scileanna labhartha. Ar an iomlán, bhí páirithe leasmhara sásta leis an réimse seánraí a bhí ar fáil ach nach raibh na téacsanna nua-aimseartha go leor.

Thíos tríd, bhí páirtithe leasmhara áirithe den tuairim nach raibh an-bhaint ag labhairt na Gaeilge le cúrsaí litríochta. Thug siad le fios go raibh múinteoirí eile den tuairim nach raibh meas ag an tsonraíocht ar labhairt na Gaeilge – bhí an chuid litríochta den chúrsa á plúchadh. Sna scoileanna T2, bhí múinteoirí ag tarraingt ar a dtaithí féin agus thug roinnt díobh le fios nuair a thuig daltaí dá gcuid nach raibh aon litríocht ar an bpáipéar gnáthleibhéil, go bhfágfaidís an rang ardleibhéil.

## Na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an Phunann Teanga

### Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB)

Sular tháinig an tsonraíocht nua don Ghaeilge i bhfeidhm don tsraith shóisearach, ní raibh an deis ag gach dalta tabhairt faoi mheasúnú don scrúdú béil toisc gur gné roghnach den siollabas a bhí ann. Thug an CSS le fios don Chomhchoiste nach raibh an scrúdú béil ar fáil ach i gcomhair 40% de dhaltaí scoile na tíre. Is iad na múinteoirí ranga a bhí i bhfeighil ar an ngné sin ach ní faoin dalta ná an múinteoir a bhí sé an cinneadh sin a dhéanamh – fágadh an cinneadh sin faoin scoil féin. Bhí roinnt mhaith sainorduithe ann maidir leis an gcur chuige is fearr a bheadh ann do mhúinteoirí chun measúnú a dhéanamh ar a gcuid daltaí féin agus an cinneadh ar thángthas air ar deireadh, a dúirt CSS, ná gurbh fhearr na hinniúlachtaí labhartha nó cainte a mheas mar chuid de mheasúnú rangbhunaithe, rud a thabharfadh an deis do chách anois tabhairt faoin ngné cainte den scrúdú.

Maidir le Measúnú Rangbhunaithe 1, an Phunann, tugann sí seo deis do dhaltaí spriocanna teanga a leagan síos, a chuid oibre a thaispeáint, machnamh a dhéanamh ar an obair agus ar dhul chun cinn a fheiceáil. Cabhraíonn an próiseas seo leis an scoláire scileanna teanga agus tuiscintí cultúrtha a fhorbairt agus a úsáid i suímh agus ar mhaithe le spriocghrúpa agus le cuspóirí éagsúla. Bhí meon neodrach ag formhór na ndaltaí i leith na punainne; chonacthas dóibh nach raibh sé ródheacair.

I gcás an taisc chumarsáidigh le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2, topaic nó saincheist ar suim leo féin agus a roghnófaí agus a fhiosrófaí ar feadh tréimhse ama, cuirtear béim láidir ar chumas labhartha agus idirghníomhaithe an dalta agus ar an nasc le húsáideoirí teanga eile sa tasc seo. Thabharfadh sé seo deis do na daltaí teanga a fhorbairt agus a fheabhsú agus dírítear ar scileanna eile freisin. Ar an iomlán, thug na daltaí le fios gur bhain siad sult as Measúnú Rangbhunaithe 2 toisc gur thug sé deis dóibh cleachtadh a dhéanamh ar a gcuid Gaeilge labhartha, ar ábhar a roghnaigh siad féin. Spreag an tsaoirse rogha seo iad chun dul i mbun oibre mar go raibh siad ag plé le nithe a raibh suim acu iontu.

Ní raibh cumas ag cuid mhaith daltaí an stór focal ná an ghramadach a scríobh mar ba cheart, gan cabhair an mhúinteora. Tháinig sé chun cinn go minic, i measc na ndaltaí, gur ceacht aistriúcháin a bhí ann, rud a bhí forleathan sna scoileanna T2. Chonacthas dóibh gur tasc scríbhneoireachta a bhí ann den chuid is mó sa mhéid is

gur script a bhí á chur le chéile acu agus go bhfoghlaimeoidís den ghlanmheabhair é nuair a chuir siad é i láthair os comhair an ranga. Thug roinnt daltaí le fios go gcuirfidís níos mó iarrachta isteach dá mbeadh nasc ag an tasc cumarsáide leis an scrúdú deiridh; mheas siad go laghdódh sé an brú ag an deireadh dá mbeadh marcanna ag dul leis an MRB. Ar an iomlán, thaitin sé leis na daltaí taighde dá gcuid féin a dhéanamh ach gur foghlaim de ghlanmheabhair a bhí ann in áit deis chun labhairt go hoscailte. Chuige sin, bhí formhór na ndaltaí i bhfabhar scrúdú cainte a thabhairt ar ais.

Thug múinteoirí áirithe le fios nár éirigh leis an MRB2 scileanna Gaeilge labhartha na ndaltaí a fhorbairt go héifeachtach ach thíos tríd, níor cheap siad gur éirigh leis foghlaim ghníomhach a spreagadh, nár chabhraigh sé seo dul i mbun comhrá nádúrtha ná chun féinmhachnamh a dhéanamh ar a gcuid staidéir féin. Cheap roinnt mhaith múinteoirí gur cheart liosta leathan ábhar a chur ar fáil do MRB2 lena chinntiú go seachnófaí aon bhradaíl.

Go deimhin, aithníodh an ról atá ag an measúnú rangbhunaithe (MRB) – an tasc cumarsáideach ach dúradh leis an gComhchoiste nach leor sin. Tugadh aitheantas don tábhacht a bhaineann le cur i láthair ranga ach ní hionann sin agus scrúdú béil ceart foirmeálta a dhéanamh – is tasc scríofa é an tasc measúnuithe a bheidh bunaithe ar an MRB. Mura bhfuil scrúdú béil ceart ag na daltaí, ní chuirfidh siad an bhéim ar an scil sin mar go dtugann an córas le fios nach fiú measúnú a dhéanamh air. Moladh go dtabharfar an scrúdú béil ar ais agus go mbeidh 40% mar an marc deiridh air mar chuid den tsraith shóisearach.

D'aithin roinnt mhaith páirtithe leasmhara go raibh brú agus imní ar na daltaí toisc go raibh an measúnú ar fad idir MRB1, MRB2 agus na bréagscrúduithe ag teacht le chéile timpeall an ama céanna, ag tús na bliana, agus go mbíonn go leor fadhbanna ann ó thaobh ama de. Bhí múinteoirí agus daltaí araon den tuairim go mba cheart ceann de na MRB a dhéanamh i mbliain 2. Le linn scríobh na tuarascála seo, bogadh MRB 1 siar go dtí an dara bliain.[6] Dar leis na finnéithe sin, theastaigh ó na daltaí go mbeadh aitheantas sa scrúdú deiridh do na measúnaithe a dhéanfaidís. Léirigh idir mhúinteoirí agus daltaí gur chuir siad ardluach ar an measúnú deiridh agus nach raibh an cur

[6] CNCM 'Leasuithe ar Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T1 agus T2', Márta 2023

chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe a mholfaí sna sonraíochtaí leabaithe sa chóras go fóill.

Ag eascairt uaidh sin, bheadh an Comhchoiste go mór den tuairim gur cheart do Choimisiún na Scrúduithe Stáit tuilleadh taighde a dhéanamh i gcomhpháirtíocht leis an CNCM a dhéanamh ar thascanna scrúdaithe, agus go gcuirfear iad in oiriúint do dhaltaí T1 agus T2 toisc nach ndearnadh aon idirdhealú idir T1 agus T2 roimhe seo.

### Deimhniúchán na Sraithe Sóisearaí

Chuir CSS in iúl don Chomhchoiste go bhfuil an deimhniúchán faoin tsonraíocht nua éagsúil leis an Teastas Sóisearach mar a bhí. Faoi scáth an Teastais Shóisearaigh, ba é CSS an t-aon foras a bhí i bhfeighil ar dheimhniú an teastais. Ní mar sin atá rudaí i gcás na sraithe sóisearaí nua: tá ról ar leith anois ag an bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) do dhaltaí. Níl sa phróifíl nua seo ach cuid amháin den deimhniúchán – bheadh ról ag na measúnaithe rangbhunaithe agus scoilbhunaithe mar chuid den phróiseas seo freisin. Is éard atá i gceist leis na deimhniúcháin nua seo ná nach bhfuil sa scrúdú scríofa agus ról CSS ach gné amháin den mheasúnú don tsraith shóisearach. Is chuige sin a chuirtear an oiread sin béime ar a thábhachtaí is atá an scrúdú cainte mar chuid den mheasúnú rangbhunaithe.

Mar gheall ar na hathruithe ar líon na MRB a bhí le cur le gcrích, agus an Tasc Measúnaithe agus ós rud é gur cuireadh na scrúduithe deiridh ar ceal, níor úsáideadh an PGSS chun tuairisc a thabhairt ar fhoghlaim na ndaltaí sa bhliain 2020 agus 2021. Le linn phaindéim Covid-19, chonacthas do CSS an ról a bhí ag múinteoirí i mbronnadh torthaí ar a gcuid daltaí féin, rud a spreag dioscúrsa níos leithne i gcás na sraithe sinsearaí maidir leis an gcur chuige is fearr a bheadh ann amach anseo chun measúnú ceart a dhéanamh. Tá struchtúr ann ag an tsraith shóisearach cheana féin leis an bPróifíl Ghnóthachtála don tSraith Shóisearach ach admhaíodh gur cheart cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr lena chur in iúl go bhfuil na measúnuithe seo ar fad ar comhchéim agus nár cheart neamhaird a thabhairt ar na measúnuithe rangbhunaithe fiú más rud é nach dtagann ach an scrúdú scríofa amháin faoi bhráid CSS.

### An Bhéaltriail

Sa taighde a chuir Sealbhú i dtoll a chéile ar an tSonraíocht T2 don tSraith Shóisearach, thug sé le fios nár thug ach níos lú ná 1% den chorhórt sa bhliain 2005 faoin mbéaltriail roghnach, ach gur tháinig fás mór ar an gcéatadán sin i gcaitheamh na mblianta. Thug 40% de dhaltaí faoin mbéaltriail in 2016. Ardaíodh céatadán na marcanna don bhéaltriail i scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain 2012 agus maíodh go raibh tionchar aige seo ar an méadú ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí.

Cuireadh in iúl don Chomhchoiste go minic le linn an imscrúdaithe seo gur údar díomá é nach mbeadh béaltriail mar chuid de mheasúnú foirimiúil na Sraithe Sóisearaí. Mheas páirtithe leasmhara áirithe gur céim ar gcúl a bhí sa chinneadh seo do thábhacht na teanga labhartha agus go mbeadh impleachaaí aige d'fhorbairt na teanga labhartha.

Thug an Gréasán do Mhúinteoirí Gaeilge le fios go gcreideann 98% de mhúinteoirí i scoileanna T1 agus 97% de mhúinteoirí i scoileanna T2 gur cheart go dtabharfar aitheantas don obair labhartha sa ghrád a fhaigheann daltaí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.[7] Cuireadh in iúl don Chomhchoiste gur ghlac breis is 900 múinteoir Gaeilge páirt sa suirbhé céanna agus go ndearnadh neamhaird air seo sna leasuithe a fógraíodh i mí an Mhárta 2023.

Thug múinteoirí le fios gur cheart aitheantas ceart a thabhairt do scileanna teanga i bhfoirm scrúdú cainte oifigiúil don tsraith shóisearach. Ní mór go rachadh céatadán de na marcanna ón scrúdú béil i dtreo na marcanna deiridh. Ní leor na scileanna seo a mheas mar chuid den mheasúnú rangbhunaithe (MRB) amháin. Chonacthas don Chomhchoiste gur cheart go mbeadh an córas measúnachta in ann spéis agus muinín a spreagadh sna daltaí seachas lagmhisneach a chur orthu agus creimeadh a dhéanamh ar an muinín agus ar an tsuim atá acu sa Ghaeilge.

An tuiscint a bhí ag an gComhchoiste air seo ná cur amú ama a bhí sna measúnuithe rangbhunaithe (MRB) agus gur chuir siad an iomarca brú ar scoileanna, ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí. De réir cosúlachta, tá go leor páipéarachais agus eagrúcháin i gceist agus cuirtear leis an strus sin ar fad nuair a bhítear ag brath ar chomhoibriú breise idir

[7] Aighneacht ó An Gréasán do Mhúinteoirí Gaeilge, i dtaca leis an athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath na Gaeilge sa tSraith Shóisearach, T1 agus T2

dreamanna éagsúla. Cuireann siad isteach ar leanúnachas an teagaisc laistigh den ábhar agus lasmuigh de in ábhair eile a bhíonn idir lámha ag daltaí. Cuireann siad isteach ar imeachtaí seach-churaclaim a thabharfadh na buntáistí oideachasúla céanna do dhaltaí. Léiríodh ábhar imní freisin i dtaobh na Punainne Teanga: tugadh le fios nach obair fhiúntach í ar chor ar bith, go gcuireann sé brú ollmhór ar na daltaí agus toisc nach mbeadh aon mharc ag dul leis gur saothar in aisce a bhí ann, go háirithe ag an tráth sin den bhliain nuair a bhíonn bréagscrúduithe, agus measúnuithe phraicticiúla eile idir lámha acu in ábhair scoile eile. Ní leor tuairiscíní mar aiseolas dá uireasa an chórais grádaithe: níor mhór an bhéaltriail a thabhairt ar ais an athuair agus go dtabharfar aitheantas ceart d'obair na ndaltaí ina leith mar chuid de mheasúnú deiridh Ghaeilge na Sraith Sóisearaí.

## Féidearthachtaí an Fhráma Tagartha Comónta Eorpach: foghlaim, teagasc, measúnú

Thug an Comhchoiste dá aire an fheidhm a d'fhéadfadh a bheith ag an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach: foghlaim, teagasc, measúnú (FTCE) i bhfoghlaim na Gaeilge ag leibhéal na sraithe sóisearaí. Lena chinntiú go mbainfí amach teagasc is foghlaim teanga éifeachtach, luaigh roinnt mhaith dóibh siúd a d'fhreagair an comhairliúchán ar na sonraíochtaí go luífeadh sé le dea-chleachtas go mbeadh na sonraíochtaí, nó aon chúrsa Gaeilge eile, ailínithe leis an FTCE.

Thug an Comhchoiste suntas do chaoi nach mbíonn daltaí iar-bhunscoile T2 ag sealbhú na Gaeilge ach ar bhonn teoranta, go hiondúil le linn ranganna Gaeilge amháin. Ní bhíonn an deis chéanna acu siúd is a bheadh ag daltaí atá ag freastal ar scoileanna T1 agus is chuige sin a aontaíonn an Comhchoiste le moladh an ADIÉ gur cheart go mbainfear úsáid as an FTCE chun ailíniú níos eagraithe a bheith ann i gcás T2 na Gaeilge.

Tugadh le fios don Chomhchoiste freisin go ndéantar tagairt don FTCE sa pholasaí 'Déanann Teangacha Nasc: Straitéis na hÉireann um Theangacha Coigríche san Oideachas, 2017-2026'.[8] Chabhródh an t-ailíniú seo le leanúnachas ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge a chothú sa chóras oideachais. Lena chois sin, aithníodh gur slat tomhais aitheanta idirnáisiúnta é an FTCE a thabharfadh soiléireacht agus cinnteacht don státchóras, institiúidí tríú leibhéal (in Éirinn agus thar lear) maidir le cumais teanga. Aithníodh go raibh an FTCE luaite i sonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí ach nach raibh sé luaite sna sonraíochtaí don tSraith Shinsearach.

Bhí líon suntasach aighneachtaí sa tuarascáil a chuir Ollscoil na Gaillimhe le chéile don CNCM. Rinneadh tagairt iontu sin d'eispéireas na sraithe sóisearaí agus moladh gur cheart go leanfaí eiseamláir múnla na Nuatheangacha Iasachta. Bhíothas den tuairim go spreagfadh seo múinteoirí le dea-chleachtais a roinnt agus go gcuirfeadh sé béim ar an teanga labhartha ar mhaithe le traschur scileanna agus tuiscint dhomhain an dalta a fhorbairt.

[8] Féach: lth. 20

### Díolúintí i gcás na Gaeilge

Tagann an Comhchoiste le tuairimí ADIÉ sa mhéid is nach luíonn sé le ciall ná le réasún le díolúine a bhronnadh ar dhaltaí ó staidéar a dhéanamh ar theanga amháin ach go dtabharfaidh na daltaí céanna faoi fhoghlaim teangacha eile.[9]

### Coláistí Samhraidh Gaeilge

Ceann de na nithe eile ar thug an Comhchoiste suntas dó ná an easpa rochtana atá ag daltaí fud fad na tíre ar chúrsaí Gaeilge na gColáistí Samhraidh Gaeilge i rith an tsamhraidh. Bíonn an costas ar chúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht thar a n-acmhainn ar fad, ní amháin do theaghlaigh scoileanna DEIS ach le haghaidh formhór na dteaghlach ar fud na tíre. Is iad na cúrsaí seo a thugann cumas iontach agus féinmhuinín sa Ghaeilge do dhaoine óga. Mar gheall ar an gcostas, ó thaobh na Gaeilge de, tá misneach agus muinín na ndaltaí thíos leis.

[9] Figiúirí luaite le linn an chruinnithe ar an 16 Samhain 2022: 22% a bhfuil díolúine faighte acu ón nGaeilge ach dhá thrian díobh siúd ag foghlaim teangacha eile.
Foinse: Conradh na Gaeilge

# AGUISÍN 1 – Comhaltas an Comhchoiste

## Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge



Caitríona Ní ChonghaileTD
*Neamhspleách*



Dónall Ó hÉallaighTD
*Neamhspleách*



Seosamh Mac Aodha TD
*Fine Gael*



Marc Ó Cathasaigh TD
*An Comhaontas Glas*



Fergus Ó DubhdaTD
*Fine Gael*



Ruairí Ó Murchú TD
*Sinn Féin*



Aindrias Ó Muimhneacháin TD
*Fianna Fáil*



Aengus Ó Snodaigh TD (Cathaoirleach)
*Sinn Féin*



Pádraig Ó SúileabháinTD
*Fianna Fáil*



An Seanadóir Lorraine Clifford-Lee (Leas-Chathaoirleach)
*Fianna Fáil*



An Seanadóir Seán Kyne
*Fine Gael*



An Seanadóir Rónán Mullen
*Neamhspleách*



An Seanadóir Barry Ward
*Fine Gael*

# AGUISÍN 2 – Téarmaí Tagartha an Chomhchoiste

## Buan-Ordú 123 de Dháil Éireann

**123. Coiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge.**

(1) Beidh arna bhunú, i ndiaidh ationól na Dála tar éis Olltoghcháin, Buan-Choiste, a chomhcheanglófar le Coiste dá shamhail de chuid an tSeanaid chun Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge a chomhdhéanamh, chun na feidhmeanna a leagtar amach sa Bhuan-Ordú seo a chomhlíonadh, seachas na feidhmeanna a leagtar amach i mír (3) arb é Buan-Choiste na Dála a chomhlíonfaidh iad.

(2) Breithneoidh an Comhchoiste ábhair bheartais a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht, agus le Pobal Labhartha na Gaeilge agus atá go ginearálta faoi chúram Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí gaolmhara agus breithneoidh sé, go háirithe—

(a) straitéis i ndáil leis an nGaeilge, lena n-áirítear an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 agus aon straitéis a bheidh ann sa todhchaí, agus cur chun cinn na Gaeilge i gcoitinne,

(b) litríocht, ceol agus cultúr na Gaeilge agus nithe gaolmhara,

(c) méadú ar úsáid na Gaeilge in imeachtaí dhá Theach an Oireachtais agus ina gCoistí agus timpeall an dá Theach a chur chun cinn,

(d) an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le cur i ngníomh Scéimeanna Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí,

(e) tuarascálacha ón gCoimisinéir Teanga agus nithe gaolmhara,

(f) nithe a bhaineann leis an bhForas Teanga, i ndáil le Foras na Gaeilge agus le Gníomhaireacht na hUltaise araon,

(g) teagasc na Gaeilge agus oideachas trí mheán na Gaeilge,

(h) freagrachtaí reachtúla Raidió Teilifís Éireann agus Údarás Craolacháin na hÉireann i ndáil leis an nGaeilge,

(i) nithe a bhaineann le craoltóirí Gaeilge, lena n-áirítear TG4, Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus Raidió Rí-Rá, agus

(j) aon nithe eile a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge.

(3) Breithneoidh Buan-Choiste na Dála—

(a) cibé Billí a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht, agus le Pobal Labhartha na Gaeilge,

(b) cibé gnéithe de na Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht, agus le Pobal Labhartha na Gaeilge, agus

(c) cibé nithe gaolmhara eile, a tharchuirfidh an Dáil chuige, agus

(d) cibé Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas agus ráitis bhliantúla aschuir, lena n-áirítear feidhmíocht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht in úsáid airgid phoiblí maidir leis an nGaeilge, maidir leis an nGaeltacht agus maidir le Pobal Labhartha na Gaeilge, a roghnóidh an Coiste.

(4) Seachtar Comhaltaí de Dháil Éireann a bheidh ar Bhuan-Choiste na Dála, ar córam triúr díobh. Ceathrar is córam don Chomhchoiste, ar Comhalta de Dháil Éireann duine amháin acu ar a laghad agus ar Comhalta de Sheanad Éireann duine amháin acu ar a laghad. Beidh Cathaoirleach Bhuan-Choiste na Dála ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an gComhchoiste freisin.

(5) Beidh ag Buan-Choiste na Dála na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 96(1), (2) agus (4).

(6) Beidh ag an gComhchoiste, maidir lena chúram, na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 96, seachas míreanna (3) agus (10) den Bhuan-Ordú sin.

(7) Beidh de chumhacht ag an gComhchoiste faoi Bhuan-Ordú 95 breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—

(a) scéim ghinearálta nó dréacht-cheannteidil aon Bhille a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge, agus

(b) aon tuarascáil iar-achtacháin a leagfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit faoi bhráid ceachtar Teach nó an dá Theach maidir le haon Bhille, arna achtú ag Tithe an Oireachtais, a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge.

(8) Beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Orduithe 98, 100 agus 106 maidir le Buan-Choiste na Dála agus maidir leis an gComhchoiste, de réir mar is cuí.

(9) Míneofar an Comhchoiste mar an “Comhchoiste Oireachtais” chun críocha an Achta Craolacháin, 2009, a mhéid a bhaineann sé le TG4.

## Buan-Ordú 105 de Sheanad Éireann

### 105. Coiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

1. Beidh arna bhunú, i ndiaidh aitionól an tSeanaid tar éis Olltoghcháin, Buanchoiste, a chomhcheanglófar le Coiste dá shamhail de chuid na Dála chun Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge a chomhdhéanamh, chun na feidhmeanna a leagtar amach sa Bhuan-Ordú seo a chomhlíonadh.
2. Breithneoidh an Comhchoiste ábhair bheartais a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge agus atá go ginearálta faoi chúram Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí gaolmhara agus breithneoidh sé, go háirithe—
   - (a) straitéis i ndáil leis an nGaeilge, lena n-áirítear an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 agus aon straitéis a bheidh ann sa todhchaí, agus cur chun cinn na Gaeilge i gcoitinne,
   - (b) litríocht, ceol agus cultúr na Gaeilge agus nithe gaolmhara,
   - (c) úsáid is leithne na Gaeilge in imeachtaí dhá Theach an Oireachtais agus ina gCoistí agus timpeall an dá Theach a chur chun cinn,
   - (d) an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le cur i ngníomh Scéimeanna Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí,
   - (e) tuarascálacha ón gCoimisinéir Teanga agus nithe gaolmhara,
   - (f) nithe a bhaineann leis an bhForas Teanga, i ndáil le Foras na Gaeilge agus le Gníomhaireacht na hUltaise araon,
   - (g) teagasc na Gaeilge agus oideachas trí mheán na Gaeilge,
   - (h) freagrachtaí reachtúla Raidió Teilifís Éireann agus Údarás Craolacháin na hÉireann i ndáil leis an nGaeilge,
   - (i) nithe a bhaineann le craoltóirí Gaeilge, lena n-áirítear TG4, Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus Raidió Rí-Rá, agus
   - (j) aon nithe eile a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge.
3. 5 Chomhalta de Sheanad Éireann a bheidh ar Bhuanchoiste an tSeanaid. Ceathrar is córam don Chomhchoiste, ar Comhalta de Dháil Éireann duine amháin acu ar a laghad agus ar Comhalta de Sheanad Éireann duine amháin acu ar a laghad. Beidh Cathaoirleach Bhuanchoiste na Dála ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an gComhchoiste freisin.
4. Beidh ag Buanchoiste an tSeanaid na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 72(1) agus (2).
5. Beidh ag an gComhchoiste, maidir lena chúram, na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 72, seachas mír (6).

6. Féadfaidh an Comhchoiste breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—
    a. scéim ghinearálta nó dréacht-cheannteidil aon Bhille a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge de bhun Bhuan-Ordú 143;
    b. aon tuarascáil iar-Achtacháin a leagfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit faoi bhráid ceachtar Teach nó an dá Theach maidir le haon Bhille, arna achtú ag Tithe an Oireachtais de bhun Bhuan-Ordú 168, a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge; agus
    c. ar choinníoll go mbeidh an coiste earnála iomchuí tar éis toiliú leis sin.
7. Beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Orduithe 74, 77 agus 82 maidir le Buanchoiste an tSeanaid agus leis an gComhchoiste, de réir mar is cuí.
8. Míneofar an Comhchoiste mar an ‘Comhchoiste Oireachtais’ chun críocha an Achta Craolacháin, 2009, a mhéid a bhaineann sé le TG4.

# AGUISÍN 3 – Cruinnithe agus Finnéithe

| Dáta an Chruinnithe | Finnéithe |
|---|---|
| **16 Samhain 2022**<br><br>Sonraíocht T2 na Sraithe Sóisearaí don Ghaeilge | An Gréasán do Mhúinteoirí Gaeilge<br>• Shane Ó Coinn \| Cathaoirleach<br>• Clare Ní Mharcaigh \| Ball den Choiste Náisiúnta<br>*Ráiteas Tosaigh*<br><br>Aontas Daltaí Iar-Bhunscoile na hÉireann<br>• Gráinne Ní Ailín \| Oifigeach na Gaeilge<br>*Ráiteas Tosaigh*<br><br>Coláiste Ráth Tó<br>• Tríona Geraghty \| Múinteoir Gaeilge<br>*Ráiteas Tosaigh*<br><br>Pobalscoil Naomh Cillian, Bré<br>• Seaghan Mac Cormaic \| Múinteoir Gaeilge<br>*Ráiteas Tosaigh* |
| **1 Márta 2023**<br><br>Sonraíocht T2 na Sraithe Sóisearaí don Ghaeilge | Coimisiún na Scrúduithe Stáit<br>• Andrea Feeney \| Príomhoifigeach Feidhmiúcháin<br>• Elaine Sheridan \| Ceann na Rannóige Scrúduithe agus Measúnuithe<br>*Ráiteas Tosaigh* |

**Tithe an Oireachtais**
Teach Laighean
Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2
D02 XR20

*www.oireachtas.ie*
Guthán: +353 (0)1 6183000
X: @OireachtasNews

**Déan ceangal linn**

**Íoslódáil an Aip**

Download on the App Store
GET IT ON Google Play